2025/472

11.3.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/472 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tagairtí d'aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), bunaíodh aicmiú comhchoiteann staidrimh maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas ('NACE Ath. 2'), a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2008.

(2) Tar éis do NACE Ath. 2 teacht i bhfeidhm tá athrú déanta de réir a chéile, mar gheall ar an domhandú agus an digitiú, ar an mbealach a soláthraíonn go leor gníomhaíochtaí eacnamaíocha earraí agus seirbhísí ar fud an domhain.

(3) Mar thoradh ar na hathruithe sin, ba ghá NACE Ath. 2 a thabhairt cothrom le dáta, chun a inchomparáideacht agus a chomhleanúnachas a choinneáil ar bun leis na caighdeáin maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmiú a úsáidtear ar an leibhéal idirnáisiúnta. Dá réir sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún ([3]), leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 agus bunaíodh an t-aicmiú arna thabhairt cothrom le dáta ('NACE Ath. 2.1').

(4) Chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí measúnú a dhéanamh ar na hathruithe mionsonraithe in NACE agus chun an leagan roimhe sin den aicmiú a chur i gcomparáid leis an leagan arna thabhairt cothrom le dáta, cuireadh tábla comhfhreagrais ([4]) ar fáil d'úsáideoirí an aicmithe an 1 Lúnasa 2023, mar aon le nótaí míniúcháin ([5]).

(5) An corpas mór reachtaíochta lena leagtar amach ceanglais maidir le tarchur sonraí lena dtagraítear do ranna, rannáin, grúpaí nó aicmí sonracha NACE, áirítear Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ann. Chun a áirithiú go sloinnfear na ceanglais sin maidir le tarchur i dtéarmaí atá comhoiriúnach leis an aicmiú arna thabhairt cothrom le dáta (NACE Ath. 2.1), ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 a leasú.

(6) Ós rud é go bhfuil gráinneacht an aicmithe arna thabhairt cothrom le dáta cosúil le gráinneacht bhunleagan an aicmithe, ní fhorchuirfeadh na leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 a leagtar amach sa Rialachán seo aon ualach breise ar na Ballstáit ná ar fhreagróirí.

([1]) IO L 192, 22.7.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/691/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 (IO L 19, 20.1.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/137/oj).

([4]) https://europa.eu/!f6H9nX.

([5]) https://europa.eu/!FNRFFB.

(7) Níor cheart comhlíonadh an aicmithe arna thabhairt cothrom le dáta a bheith ina cheanglas láithreach, toisc gur gá tréimhse áirithe chun go mbeidh soláthraithe sonraí in ann oiriúnú do na ceanglais rialála nua. Ba cheart a mheabhrú go leagtar amach dáta curtha siar chur i bhfeidhm le haghaidh fearainn staidrimh áirithe i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137, lenar leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006. Dá bhrí sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar chomh maith.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn IV, Roinn 5, pointe 1, an tríú fleasc, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs réamhráitigh:

'Na miondealuithe NACE seo a leanas maidir le táirgeadh coimhdeach seirbhísí i leith chosaint an chomhshaoil: NACE Ranna B, C, D agus Rannán 36. Cuirfear sonraí le haghaidh Roinn C i láthair mar a leanas:';

(2) in Iarscríbhinn V, Roinn 5, pointe 1, cuirtear an méid seo a leanas ina ionad an chéad fhleasc:

'— aicmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha, NACE grúpáilte mar a leanas:

— NACE A

— NACE B

— NACE C

— NACE D

— NACE E

— NACE F

— NACE J + NACE K

— NACE N

— NACE P

— NACE Q

— Suim NACE G + NACE H + NACE I + NACE L + NACE M + NACE O + NACE R + NACE S + NACE T + NACE U + NACE V'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm leis ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) a bhaineann le gach tréimhse thagartha dar tús an dáta sin nó dá éis.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN